



An Roinn Oideachais
agus Scileanna

Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta

Dréachtsonraíocht Curaclaim

AN ARDTEISTIMÉIREACHT
Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

An Clár Ábhar

An tsraith shinsearach 3

Eispéireas na sraithe sinsearaí 3

Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta 7

An Réamhrá 7

Aidhm 8

Cuspóirí 8

Foghlaim ghaolmhar 8

Forléargas 10

Struchtúr 10

Breac-chuntas ar na snáitheanna 11

An t-am a thugtar 12

Príomhscileanna 12

Teagasc agus foghlaim 13

Difreáil 15

Eacnamaíocht talmhaíochta 16

Snáitheanna Staidéir 17

Snáithe 1: Cad atá i gceist le heacnamaíocht? ... 18

Snáithe 2: Conas a dhéantar cinntí eacnamaíoch? 20

Snáithe 3: Cad is féidir le margáí a dhéanamh? . 22

Snáithe 4: Cad é an ceangal idir beartas agus feidhmiú eacnamaíoch? 24

Snáithe 5: Conas a imríonn eacnamaíocht idirnáisiúnta tionchar ar an ngeilleagar? 27

Measúnú 29

Comhpháirteanna measúnaithe 29

Achoimre ar an measúnú 29

Scrúdú scríofa 30

Na critéir mheasúnaithe don scrúdú scríofa ... 30

Staidéar taighde 31

Na critéir mheasúnaithe don staidéar taighde . 31

Grádú na hArdteistiméireachta 32

Socrú réasúnta/cuimsiú 32

Aguisín 33

1

An tsraith shinsearach

Bíonn an foghlaimeoir sa tsraith shinsearach ag druidim le deireadh a chuid ama ar scoil agus ag roghnú an treo ina rachaidh sé sa chuid eile dá shaol. Tá tábhacht mhór ag baint leis an tsraith shinsearach maidir le cabhrú leis an bhfoghlaimeoir a chuid riachtanais reatha mar dhuine fásta óg a chomhlíonadh agus é a ullmhú chun a bheith páirteach i saol eacnamaíoch agus sóisialta a bhíonn i gcónaí ag athrú.

Tá an tsraith shinsearach bunaithe ar thiomantas do ghnóthachtáil oideachasúil den chaighdeán is airde do gach foghlaimeoir, i gcomhréir lena chumas aonair. Chun tacú leis an bhfoghlaimeoir agus é ag ullmhú a thodhchaí féin, cuirtear béim ar fhorbairt an eolais agus na domhaintuisceana; ar an bhfoghlaimeoir a bheith freagrach as a chuid foghlama féin; ar shealbhú príomhscileanna; agus ar phróisis na foghlama. Cinntíonn an curaclam leathan, ina bhfuil roinnt deiseanna don speisialtóireacht, go mbíonn leanúnachas ann ón tsraith shóisearach agus féachann sé le riachtanais gach foghlaimeora a chomhlíonadh, foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag cuid acu, ach a bhfuil raon leathan spéiseanna foghlama, inniúlachtaí agus buanna acu uile.

Cothaíonn comhpháirteanna an churaclaim sa tsraith shinsearach cothromaíocht idir eolas agus scileanna, agus na cineálacha straitéisí foghlama a theastaíonn chun a bheith rannpháirteach agus do chuid a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú agus nach bhfuil a fhios ag aon duine céard atá i ndán dó.

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don fhoghlaimeoir trí churaclam difreáilte, chun sainréimsí deacrachta nó láidreachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an bhfoghlaimeoir agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Eispéireas na sraithe sinsearaí


Is é fíis na sraithe sinsearaí go mbíonn an foghlaimeoir i gceartlár na taithí oideachasúil. Cuirfidh an t-eispéireas sin ar chumas an scoláire a bheith seiftiúil agus muiníneach, páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí, spéis a chothú san fhoghlaim, agus an cumas a fhorbairt a bheith ag foghlaim ar feadh an tsaol.

Tá an fhís sin den fhoghlaimeoir bunaithe ar luachanna na sraithe sinsearaí agus cuirtear i gcrích í trí na prionsabail atá laistiar den churaclam de réir thaithí an scoláire ar scoil. Cuimsíonn an curaclam ábhair agus cúrsaí, príomhscileanna neadaithe agus torthaí foghlama soiléire, agus tá raon de chuir chuige measúnaithe mar thaca faoi, rud a fhágann gurb é an curaclam an meán trína bhfíoraítear an fhís don fhoghlaimeoir.

Ar chéim phraiticiúil, cuirtear eispéireas oideachasúil ardchaighdeáin ar fáil sa tsraith shinsearach tríd an méid seo a leanas:

- ▶ pleanáil, forbairt, eagrú agus meastóireacht éifeachtach curaclaim
- ▶ cuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a spreagann an scoláire agus a chuireann ar a chumas dul chun tosaigh, a dhéanann a chuid foghlama níos doimhne agus a chuireann i bhfeidhm í, agus a fhorbraíonn a chumas chun machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama
- ▶ forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus do lucht bainistíochta scoileanna a chuireann ar a gcumas forbairt agus athruithe curaclaim ina gcuid scoileanna a threorú
- ▶ cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire, a spreagann é chun freagracht a ghlacadh as a chuid foghlama féin le himeacht aimsire, agus a chuireann grá don fhoghlaim chun cinn.

Is cuid de bheartas oideachais níos leithne é oideachas na sraithe sinsearaí ina ndírítear ar an méid is féidir leis an oideachas a dhéanamh chun foghlaimeoir a fhorbairt mar dhuine agus mar shaoránach araon. Is beartas oideachais é ina leagtar béim ar chur chun cinn an chomhtháthaithe shóisialta, ar fhás na sochaí agus an gheilleagair, agus ar phrionsabal na hinbhuanaitheachta i ngach gné den fhorbairt.



Fíor 1: Forbhreathnú ar an tsraith shinsearach

SEIFTIÚIL

éiríonn siad a samhlaíocht, clisteacht, iomas agus buanna eile trí

fiosracht
ceistiú
neamhchlaontacht
athmhachnamh
foghlaim a nascadh
nuálaíocht
fadhbreiteach
cruthaitheacht

MUINÍNEACH

forbraíonn siad a bhfolláine fhisiceach agus mheabhrach agus

éiríonn siad féinfheasach
bíonn siad ardéifeachtúil
pléann le heitic, luachanna agus tuairimí
fáiltíonn roimh dheiseanna
déileálann siad le deacrachtaí
déanann siad athrú dearfach



FOGHLAIMEOIRÍ

seiftiúla, muiníneacha,
gafa agus gníomhacha

Gafa

glacann siad páirt i ngnéithe sóisialta, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta ina saol trí

meas a léiriú do dhaoine eile
caidrimh chomhbhácha a dhéanamh agus a choimeád
cinntí eolasacha a dhéanamh
saineolas praiticiúil a thógáil
spéis a bheith acu ina dtimpeallacht shóisialta agus pholaitiúil agus freagracht a ghlacadh aisti
tuiscint mhorálta / eiticiúil agus pholaitiúil a fhorbairt
roghanna saoil a dhéanamh atá inbhuanaithe
cur lena leas ábhartha féin agus le leas na sochaí

INA bhFOGHLAIMOIRÍ GNÍOMHACHA

féachann siad le barr feabhais a bhaint amach san fhoghlaim chomh maith agus atá ar a gcumas agus grá don fhoghlaim a fhorbairt trí

eolas a lorg agus a úsáid, agus an chaoi a gcruthaítear eolas a thuiscint
paisean a bheith acu don fhoghlaim, bheith críochnúil ina ceann agus tiomanta di
scileanna smaointeoireacht chriticiúil agus intleachtach a fhorbairt
féinriar agus neamhspleáchas san fhoghlaim a chleachtadh
a gcuid foghlama a bhainistiú agus cinntí foghlama a dhéanamh
spriocanna foghlama a shocrú agus a ghnóthú
cáilíochtaí foghlama a lorg

Fíor 2: Fís an fhoghlaimora

2

Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta

An Réamhrá

Is ionann eacnamaíocht agus an staidéar ar na próisis agus na cinntí a mbíonn tionchar acu ar tháirgeadh agus ar thomhailt earraí agus seirbhísí ag daoine aonair, ag gnólachtaí, ag rialtais agus ag institiúidí eile i ngeilleagar. Dá bhrí sin, is minic a dhéantar cur síos ar eacnamaíocht mar mhodh smaointeoireachta maidir leis an gcaoi a n-idirghníomhaíonn daoine i sochaí, an chaoi a ndéanann siad cinntí agus an chaoi a gcothaíonn siad caidreamh. Is eolaíocht shóisialta í eacnamaíocht, arna stiúradh ag an mian prionsabail, caidreamh agus patrúin eacnamaíocha a cheistiú agus a fhiosrú. Míníonn sí an chaoi a ngintear ioncam, an chaoi a n-úsáidtear ioncam, an chaoi a mbaintear leas as acmhainní agus an chaoi a ndéantar earraí agus seirbhísí a mhalartú agus a dháileadh. Gabhann iarmhairtí sóisialta, idir bheartaithe agus neamhbheartaithe, leis na cinntí ina leith sin; déantar anailís orthu sin san eacnamaíocht freisin.

Tá daoine óga ag fás aníos i ngeilleagar fuinniúil atá ag síorathrú ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda. De réir a chéile tá a saol á stiúradh ag beartais agus cinntí sóisialta, polaitíochta agus eacnamaíocha a dhéanann Rialtas na hÉireann agus institiúidí agus rialtais Eorpacha agus idirnáisiúnta. Caithfidh na scileanna, an t-eolas, an tuiscint agus na luachanna a bheith ag an scoláire chun aghaidh a thabhairt ar na hathruithe tapa sin ionas gur féidir leis páirt iomlán éifeachtach a ghlacadh sa tsochaí. Rachaidh an scoláire i dteagmháil leis an mórthimpeallacht ghnó chun níos mó eolais agus tuisceana a fháil ar gheilleagar na hÉireann. Má bhíonn an scoláire eolach ar chúrsaí eacnamaíocha, beidh sé ábalta coincheapa eacnamaíocha a shainaithint agus a mheas de réir mar a bhaineann siad leis an ngeilleagar agus le córais pholaitiúla. Beidh an scoláire ullmhaithe agus údaraithe le cur leis an tsochaí agus déileáil le dúshlán amach anseo go muiníneach ach úsáid a bhaint as scileanna na smaointeoireachta criticiúla, na hanailíse ar shonraí agus na cinnteoireachta trí staidéar eacnamaíochta.

Tríd an domhan eacnamaíoch ina maireann sé a fhiosrú, tuigfidh an scoláire impleachtaí eacnamaíocha, sóisialta, polaitiúla agus comhshaoil na gcinntí a dhéanann daoine aonair, gnólachtaí, ár rialtas agus daoine eile. Beidh ar an scoláire cinntí a dhéanamh ina shaol a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach ar bhonn pearsanta, áitiúil agus náisiúnta. Cuireann an tsonraíocht seo ar a chumas léirthuisceint a fhorbairt don idirspéachas atá ann idir rath eacnamaíochta, folláine shochoaíoch agus inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Beartaítear go mbeidh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta ábhartha do shaol an scoláire sa lá atá inniu ann agus amach anseo, agus go spreagfaidh sí spéis agus fiosracht ann i dtaobh saincheisteanna eacnamaíocha. Ba chóir go gcuirfeadh sí ar a chumas mar shaoránach léirthuisceint a bheith aige do na saincheisteanna eacnamaíocha a dhéanann difear dá shaol, dearcadh eolach a chur in iúl agus bonn a chur faoi staidéar, obair agus beatha amach anseo.

Aidhm

Is é an aidhm atá ag Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta fiosracht agus spéis an scoláire a mhúscailt sa timpeallacht eacnamaíochta agus sa chaoi a mbíonn sé ag idirghníomhú léi. Forbraíonn sí sraith scileanna, eolais agus luachanna a chuireann ar chumas an scoláire tuiscint a fháil ar na fórsaí eacnamaíochta a imríonn tionchar ar a shaol laethúil, ar a shochaí agus ar a gheilleagar ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Bíonn sé níos eolaí mar chinnteoir dá bharr.

Cuspóirí

Tá sé de chuspóir ag Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta a chur ar chumas an scoláire an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ an geilleagar ina ngníomhaíonn daoine ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda a thuiscint
- ▶ léirithuisicint a ghnóthú do ghnéithe eiticiúla, stairiúla, sóisialta agus comhshaoil na heacnamaíochta, agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann eacnamaíocht le forbairt shóisialta agus pholaitiúil na sochaí
- ▶ cur lena eolas agus lena thuiscint ar phrionsabail, ar choincheapa agus ar théarmaíocht eacnamaíoch, agus forbairt a dhéanamh ar na scileanna a theastaíonn chun an t-eolas agus an tuiscint sin a úsáid i gcásanna coitianta agus neamhchoitianta
- ▶ scileanna smaointeoireachta criticiúla agus cruthaithí a fhorbairt i dtaca le saincheisteanna comhaimseartha eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta, léirithuisicint a fháil do dhearcthaí difriúla, agus réitigh eolacha a thabhairt ar fhadhb
- ▶ taighde agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí eacnamaíocha cáilíochtúla agus cainníochtúla ó fhoinsí éagsúla, conclúidí a chur i láthair agus a chosaint agus cinntí eolacha a dhéanamh
- ▶ torthaí a chuid anailíse agus gníomhaíochtaí a phlé, a mhíniú agus a chur in iúl ó bhéal, i ngraif agus i bhfoirmeacha eile, agus úsáid á baint as teicneolaíocht más cuí.

Foghlaim ghaolmhar

Tá leanúnachas agus dul chun cinn san oideachas gnó le sonrú de bharr Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta; tosaíonn sé sa churaclam bunscoile agus cuirtear leis i staidéar gnó na sraithe sóisearaí.

BUNSCOIL

Sa bhunscoil, cuireann an páiste aithne ar an domhan eacnamaíoch ina maireann sé agus tagann sé ar roinnt bunsmainte ina leith. Forbraíonn Matamaitic sa Churaclam Bunscoile (1999) scileanna matamaitice an pháiste i dtaca le réasúnaíocht, fadhbanna a réiteach, agus smaointe matamaiticiúla a léiriú i modhanna difriúla ar nós pictiúr nó graf. Maidir le hOideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) sa churaclam bunscoile, tugtar deiseanna don pháiste tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a thuiscint ar dhaoine a mhaireann agus a oibríonn sa phobal áitiúil agus níos faide i gcéin, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar a thuiscint ar shaincheisteanna trádála agus forbartha. Tá an fheasacht, an t-eolas agus na scileanna sin i gcroílár an staidéir eacnamaíochta agus déanfar breis forbartha orthu agus é ag dul ar aghaidh san oideachas iar-bhunscoile.

AN TSRAITH SHÓISEARACH

Leagtar béim san fhoghlaim atá i gcoilár na sraithe sóisearaí, arna míniú sna ráitis foghlama in *Creat don tSraith Shóisearach (2015)*, ar a thábhachtaí atá sé tuiscint an scoláire a fhorbairt ar bhunús agus ar thionchar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórtimpeall air. Sna snáitheanna agus sna torthaí foghlama, leagtar béim i léann an scoláire i staidéar gnó na sraithe sóisearaí ar idirnasacht an airgeadais, na fiontraíochta agus an gheilleagair chun tuiscint a fháil ar fhorbairtí comhaimseartha eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta. Tá ceangal ag mórán gearrchúrsaí agus ábhar sa tsraith shóisearach le heacnamaíocht, lena n-áirítear matamaitic, tíreolaíocht agus OSSP.

AN TSRAITH SHINSEARACH

Tá dlúthcheangal ag cuid mhór ábhar sa tsraith shinsearach le heacnamaíocht lena n-áirítear gnó, an pholaitíocht agus an tsochaí, tíreolaíocht, stair, matamaitic, agus eacnamaíocht bhaile – eolaíoch agus sóisialta. Is féidir leas a bhaint as an eolas agus an tuiscint a fhaightear in eacnamaíocht i gcomhar leis an méid sin a fhoghlaimítear sna hábhair eile sin chun an fhoghlaim iomlán a fheabhsú.

STAIÉAR BREISE

Féadfaidh eacnamaíocht gairmréim spreagúil shásúil a thabhairt duit, mar shampla forbróir beartas, comhairleoir airgeadais, anailísí nó iriseoir, nó thiofadh leat a bheith fostaithe ag an rialtas, ag earnáil na tionsclaíochta, ag institiúidí airgeadais, ag eagraíochtaí reachtúla agus deonacha, chomh maith le fostaíocht in earnálacha éagsúla ar nós na teicneolaíochta faisnéise agus oideachais.

Is éard atá i gceist le heacnamaíocht ná roghanna, agus tionchar na roghanna ar dhaoine agus ar an gcomhshaoil. Baineann sí le gach cuid dár saol, ó na cinní a dhéanaimid mar dhaoine aonair nó mar theaghlach go dtí na struchtúir a chruthaíonn rialtais agus gnólachtaí. Cuimsíonn eacnamaíocht an staidéar ar na tosca a imríonn tionchar ar ioncam, ar shaibhreas agus ar fholláine. Mar thoradh air sin, is cuid lárnach í de mhórán disciplíní gnó eile, lena n-áirítear bainistíocht, margaiócht, cuntasaíocht, agus airgeadas. Lena chois sin, bíonn tionchar aici ar réimse leathan ábhair eile, lena n-áirítear eolaíocht pholaitiúil, caidreamh idirnáisiúnta, socheolaíocht, tíreolaíocht, dlí agus siceolaíocht, agus bíonn feidhm aici iontu.

AN POBAL AGUS AN TSOCHAÍ


Gheobhaidh an scoláire léirthuisicint do dhearcthaí sóisialta agus polaitiúla na heacnamaíochta agus ar thionchar na forbartha eacnamaíche ar dhaoine agus ar an gcomhshaoil. Tá ról ríthábhachtach ag eacnamaíocht san fhorbairt shóisialta a leanfaidh ar aghaidh ag cur geilleagar chun cinn agus ag feabhsú fholláine na saoránach. Tugann sí tuiscint níos fearr dúinn ar na cúiseanna a ndéanann daoine, gnólachtaí agus an rialtas roghanna áirithe agus ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag na roghanna sin ar bhonn pearsanta, áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Forbraíonn sí féinfheasacht an scoláire agus spreagann sí saoránacht agus rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal i gcoitinne.

3

Forléargas

Cuirtear sonraíocht Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta i láthair i gcúig shnáithe ina léirítear cúig bhuncheist eacnamaíocha.

Struchtúr



Fíor 3: Struchtúr Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta

Is snáithe aontach é Snáithe 1: Cad atá i gceist le heacnamaíocht? leathann sé ar fud shnáitheanna uile na sonraíochta. Saináithnítear i dtorthaí foghlama an tsnáithe seo an t-eolas, na scileanna agus na luachanna atá ríthábhachtach le haghaidh léann an scoláire ar fud an chúrsa, a chuireann bonn eolais faoi na gníomhaíochtaí agus ábhar sna snáitheanna eile. Tá sé d'aidhm leis an snáithe seo cumas an scoláire smaoineamh ar nós eacnamaí a fhorbairt, agus úsáid a bhaint as scileanna eacnamaí chun coincheapa agus teoricí a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus cuimhneamh ar thionchar na hinbhuanaitheachta ar an ngeilleagar. Tugtar aghaidh i dtorthaí foghlama an tsnáithe seo ar bhunphrionsabail eacnamaíocha an ghanntanais agus na rogha.

Breac-chuntas ar na snáitheanna




Fíor 4: Breac-chuntas ar shnáitheanna Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta

Tá sé i gceist ag an struchtúr seo go gcuirfí béim ar cheisteanna eacnamaíocha ionas go mbeadh sé de chumas ag an scoláire príomhphrionsabail agus príomhshamhlacha eacnamaíocha a chur i bhfeidhm chun saincheisteanna agus fadhbanna eacnamaíocha a fhiosrú. Lena chois sin, éilítear go rachadh an scoláire i mbun anailísiú agus meastóireachta agus go dtiocfadh sé ar chonclúidí. Beartaítear go spreagfaidh an struchtúr ceistbhunaithe seo cur chuige fiosrúcháin i leith theagasc agus fhoghlaim na heacnamaíochta, le go mbeidh an scoláire in ann scileanna smaointeoireachta a fhorbairt san eacnamaíocht. Spreagtar an scoláire le fadhbanna agus patrúin eacnamaíocha a cheistiú agus le foghlaim lena thuiscint a úsáid, a anailísiú agus a chur i bhfeidhm ar shaincheisteanna eacnamaíocha an fhíorshaoil. Tá sé d'aidhm leis an struchtúr seo fiosracht, nuálaíocht agus smaointeoireacht chriticiúil a chothú sa scoláire, tréithe atá bunúsach chun dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a spreagadh agus chun cultúr fiontraíochta a cothú.

An t-am a thugtar

Dearadh an tsonraíocht Eacnamaíochta le haghaidh 180 uair an chloig d'am ranga.



Fíor 5: Príomhscileanna na sraithe sinsearaí

Sainaitníodh cúig scil atá lárnach don teagasc agus don fhoghlaim i ngach cuid de churaclam na sraithe sinsearaí. Is iad sin: próiseáil faisnéise; a bheith éifeachtach go pearsanta; cumarsáid; smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach; agus obair le daoine eile. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach scoláire na príomhscileanna sin a fhorbairt chun a lánacmhainneacht a chomhlíonadh, le linn a laethanta scoile agus ina ndiaidh. Tabharfaidh sé sin deis dó páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, lena n-áirítear saol an teaghlaigh, saol na hoibre agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Ceapadh an tsonraíocht chun cabhrú leis an scoláire scileanna a fhorbairt de réir mar a chuireann sé


lena chuid eolais agus tuisceana ar eacnamaíocht agus a fhorbraíonn sé dearchtaí dearfacha i leith na foghlama. Tá na príomhscileanna fite fuaite i dtorthaí foghlama na sonraíochta agus déanfar iad a mheasúnú ag féachaint don mheasúnú ar na torthaí foghlama.

Rachaidh an scoláire i ngleic le bunphrionsabail agus le bun-choincheapa na heacnamaíochta trí rannpháirtíocht i raon gníomhaíochtaí atá bunaithe ar scileanna. Forbróidh sé próiseáil faisnéise agus scileanna smaointeoireachta criticiúla agus cruthaithí ach scrúdú agus meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí eacnamaíocha chun patrúin agus caidreamh a shainnithint, dearchtaí agus tuairimí eolacha a thabhairt agus na conclúidí sin a chur i bhfeidhm maidir le fadhbanna eacnamaíocha nua nó fadhbanna eacnamaíocha atá ann cheana féin. Forbróidh sé scileanna san obair le daoine eile trí chomhoibriú ar thaighde agus plé. De réir mar a dhéanann sé a bhreithiúnais agus a thuairimí a chur i láthair agus a chur in iúl, trí úsáid a bhaint as léiriú scríofa, as léiriú béil agus as léiriú amhairc, déanfaidh an scoláire forbairt ar scileanna cumarsáide. Foghlaimoidh an scoláire le taighde a dhéanamh agus teacht ar fhaisnéis iontaofa atá cothrom le dáta ar féidir í a úsáid chun cur chuige criticiúil a fhorbairt i leith teoricí eacnamaíocha. Forbróidh an scoláire an scil maidir le bheith éifeachtach go pearsanta faoi mar a chuireann sé a chuid scileanna agus eolais i bhfeidhm chun tuiscint a fháil ar thimpeallacht eacnamaíoch agus shóisialta an fhíorshaoil atá timpeall air, agus a chuid foghlama a mheas.

Teagasc agus foghlaim

Spreagtar scoláire na sraithe sinsearaí leis an eolas, na scileanna agus na luachanna a fhorbairt a chuirfidh ar a chumas a bheith níos neamhspleáiche ina chuid foghlama agus a bheith tiomanta d'fhorbairt a chuid foghlama ar feadh a saoil.

Cé go leagtar amach na torthaí foghlama a bhaineann le gach snáithe astu féin sa tsonraíocht seo, níor chóir go dtuigfí as sin go bhfuil staidéar le déanamh ar na snáitheanna ina n-aonar. Barrfheabhsáitear rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire trí thaithe iomlán chomhtháite ar na cúig shnáithe. Cuirfidh an scoláire lena chuid eolais, scileanna agus luachanna de réir a chéile agus é ag dul trí na snáitheanna.



Fíor 6: Conairí don teagasc agus foghlaim

Léirítear i bhFíor 6 an chaoi a gcuireann snáithe 1 agus a thorthaí foghlama gaolmhara (topaicí 1.1-1.3) bonn eolais faoi réimsí ar fud na sonraíochta. Ní féidir na torthaí foghlama sin a bhaint amach go hiomlán trí staidéar a dhéanamh ar inneachar shnáithe 1 amháin; bainfear amach iad nuair a chuirtear an snáithe nasctha agus a thopaicí i gcrích (topaicí 2.1-5.3). Nuair atá an múinteoir ag pleanáil don teagasc agus foghlaim, ba chóir dó conairí a shainaitheint tríd an tsonraíocht trína dtéann an scoláire ó phointe buneolais ar inneachar go tuiscint agus cur i bhfeidhm a eolais i gcásanna a éiríonn níos casta de réir a chéile, go dtí an pointe go bhfuil sé in ann faisnéis a mheas agus tuairimí a chumadh.

Tacaíonn Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta le raon leathan cuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a úsáid. Is cúrsa ar bhonn fíoraithe é ó thaobh struchtúir agus leagtar béim ann ar chur i bhfeidhm praiticiúil an eolais eacnamaíoch sa domhan atá thart orainn. De réir mar a théann an scoláire chun cinn, forbróidh sé straitéisí foghlama is féidir a úsáid i dtascanna agus in ábhair éagsúla, rud a ligfidh dó ceangal a dhéanamh idir eacnamaíocht, ábhair eile, agus taithí an ghnáthshaoil. Mar gheall ar rannpháirtíocht i dtaighde agus i ngrúpdhíospóireachtaí atá curtha le chéile go maith, forbróidh an scoláire scileanna in argóint réasúnaithe, éistfidh sé lena chomhscoláirí agus déanfaidh sé machnamh ar a chuid oibre féin agus ar obair a chomhscoláirí.

Ba chóir don mhúinteoir, le linn dó pleanáil i gcomhair an teagaisc agus na foghlama, forbairt a dhéanamh ar thuiscint an scoláire ar a thábhachtaí atá imeachtaí eacnamaíocha agus ar na himpleachtaí a ghabhann le cinnteoireacht eacnamaíoch daoine aonair, gnóthaí agus an rialtais. Níos mó ná riamh, tá argóintí idir eacnamaithe á bplé san fhearann poiblí agus bíonn siad le sonrú go forleathan sna meáin. Ach fadhbanna agus argóintí eacnamaíocha a mheas go criticiúil, rachaidh an scoláire i ngleic le saincheistanna reatha san eacnamaíocht a théann i gcion ar a ngnáthshaoil agus forbróidh sé léirthuiscint do chomhthéacs sóisialta na heacnamaíochta.

Lena chois sin, ba chóir go mbeadh idirnasacht ár ngeilleagair, ár sochaí agus ár gcomhshaoil nádúrtha fite fuaite i dteagasc agus i bhfoghlaim sa seomra ranga, áit a spreagtar an múinteoir le béim a leagan ar nádúr sóisialta na gníomhaíochta eacnamaíche. Déanfaidh an scoláire a chuid eolais agus tuisciana ar eacnamaíocht a chomhcheangal le feidhmeanna agus le himpleachtaí eiticiúla, sóisialta, polaitiúla agus comhshaoil na heacnamaíochta.

Mar gheall ar chomh héagsúil agus a bheidh na gníomhaíochtaí a dtabharfaidh an scoláire fúthu, cuirfear ar a chumas dul i gceannas ar a chuid foghlama féin trí spriocanna a leagan síos, pleananna gníomhaíochta a fhorbairt, agus aiseolas measúnaithe a fháil agus a fhreagairt. Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim agus soláthróidh siad faisnéis atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an scoláire aonair. De thoradh tascanna cuí agus mealltacha a shocrú, ceistanna ard-oird a chur, agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimora chun cinn, tacóidh an measúnú le foghlaim chomh maith le hachóimre a thabhairt ar ghnóthachtáil.

Cuirfear rannpháirtíocht an scoláire sa seomra ranga agus a thuiscint ar eacnamaíocht chun feabhais tar éis don mhúinteoir cabhrú leis an t-ábhar foghlama a cheangal lena shaol. De bharr na gceangal sin a dhéanamh, méadaíonn an múinteoir ábharthacht na foghlama dá chuid scoláirí agus spreagann sé iad le cosúlachtaí a aimsiú idir an fhoghlaim nua agus a gcuid taithí féin.

Difreáil

Tá difreáil i gceist i sonraíocht Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta ar thrí mhodh: trí thorthaí foghlama na sonraíochta, sa phróiseas teagaisc agus foghlama, agus trí mheasúnú.

DIFREÁIL TRÍ NA TORTHAÍ FOGHLAMA

Ba chóir go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal cumais féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas agus tuiscint an scoláire de réir a chéile, a chuireann ar a chumas eolas a anailísiú, a mheas agus a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé ar aghaidh. Cé gur féidir le scoláire anailís chriticiúil a dhéanamh, beag beann an bhfuil sé i mbun an Ghnáthleibhéil nó an Ardleibhéil, cuirtear an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a bhaineann leis an anailís sin i láthair ar leibhéal dhifriúla. Beidh samplaí a léiríonn ionchais ar gach leibhéal sna hábhair thacaíochta.

GNÁTHLEIBHÉAL	ARDLEIBHÉAL
<ul style="list-style-type: none">• Forbraíonn an scoláire bunscileanna litearthachta eacnamaíochta, rud a chuidíonn leis fíricí agus coincheapa eacnamaíochta bunúsacha a shainaithint agus a mhíniú de réir mar a bhaineann siad leis an ngeilleagar agus le córais pholaitiúla.• Faigheann an scoláire eolas, a bhíonn cinnte den chuid is mó, ach a mbíonn píosa machnaimh agus teoirice ann freisin.• Déanann an scoláire raon measartha de scileanna praiticiúla agus cognaíochta a léiriú agus a úsáid agus cuireann sé a thuiscint i bhfeidhm maidir le fadhbanna éagsúla i gcomhthéacsanna coitianta den chuid is mó agus i roinnt comhthéacsanna neamhchoitianta leis.• Cuireann an scoláire a eolas, a thuiscint agus a scileanna i bhfeidhm maidir le saincheistanna agus fadhbanna comhaimseartha laethúla eacnamaíochta..	<ul style="list-style-type: none">• Léiríonn an scoláire doimhneacht eolais, tuisceana agus cur i bhfeidhm i dtaca le fíricí agus coincheapa eacnamaíochta de réir mar a bhaineann siad leis an ngeilleagar agus le córais pholaitiúla.• Faigheann an scoláire eolas, lena n-áirítear coincheapa teoiriciúla agus smaointeoireacht mhachnamhach, le doimhneacht shuntasach i réimsí áirithe.• Déanann an scoláire anailís ar fhaisnéis agus smaoiníonn sé go cruthaitheach chun a chuid smaointe nó dearcthaí féin a fhorbairt. Léireoidh sé raon leathan scileanna agus bainfidh sé leas astu chun faisnéis a mheas agus a úsáid le go gcosnófaí dearcthaí eolacha a bhaineann le fadhbanna coitianta agus neamhchoitianta.• Cuireann an scoláire a eolas, a thuiscint agus a scileanna i bhfeidhm maidir le cuid mhór fadhbanna agus saincheistanna eacnamaíochta, idir choitianta agus neamhchoitianta.

Tábla 1: Difreáil trí na torthaí foghlama in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta

DIFREÁIL SA TEAGASC AGUS SAN FHOGHLAIM

Tugann Eacnamaíocht neart deiseanna don mhúinteoir na hábhair a roghnú agus an eacnamaíocht a mhúineadh ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar raonta spéise gach scoláire. Toisc go ndírítear ar chur chuige bunaithe ar fhiosrúchán i leith an teagaisc agus na foghlama, rud atá lárnach san eacnamaíocht, is féidir leis an scoláire tabhairt faoi ghníomhaíochtaí foghlama a chomhlánaíonn a riachtanais agus a bhealaí foghlama féin. Sonraítear ábhar an chúrsa go ginearálta chun go bhféadfar na topaicí a roghnú agus a fhiosrú sna bealaí is spéisiúla agus is ábhartha don scoláire.

Teastaíonn tacaíocht de mhéid agus de chineál difriúil ó na scoláirí ionas go n-éireoidh leo. Beidh tacaíocht dhifriúil le sonrú in aon ghníomhaíocht foghlama mar go mbíonn smaointe agus tuiscint dhifriúil ag na scoláirí ina leith. Beidh an scoláire in ann idirghníomhú ar a chumas féin trí úsáid a bhaint as straitéisí i dtaobh foghlaim dhifreáilte, mar shampla leibhéal na scileanna a theastaíonn a athrú, méid agus cineál idirghabháil an mhúinteora a athrú, agus luas agus ord na foghlama a athrú.

DIFREÁIL SA MHEASÚNÚ

Beidh an measúnú ar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta bunaithe ar na torthaí foghlama sa tsonraíocht. I ndáil leis an measúnú scríofa, déanfar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta a mheasúnú ar dhá leibhéal – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. I gcás an Ardleibhéil, déanfar na torthaí foghlama a mheasúnú de réir an leibhéil scile is airde mar a léirítear i mbriathar gnímh an toraidh foghlama. I gcás an Ghnáthleibhéil, déanfar na torthaí foghlama a mheasúnú de réir leibhéal scile measartha, ina ndíreofar ar thuiscint bhunúsach ar fhíricí agus ar choincheapa a léiriú, agus ar choincheapa agus teoricí a chur i bhfeidhm. Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh an scoláire eolas, tuiscint, cur i bhfeidhm, anailís agus meastóireacht atá cuí do gach leibhéal. Beidh difreáil le sonrú sa mheasúnú freisin trí réim teanga na gceisteanna a chuirtear, tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar do scoláirí scrúduithe ar leibhéil dhifriúla.

Sa dara comhpháirt mheasúnaithe, an staidéar taighde, beidh tasc coiteann san Ardleibhéal agus sa Ghnáthleibhéal. Beidh feidhm ag scéim mharcála dhifreáilte. Beifear ag súil go ndéanfadh an scoláire taighde ar fhaisnéis agus sonraí agus iad a phróiseáil, agus coincheapa agus teoricí a chur i bhfeidhm chun an fhaisnéis a mheas agus breithiúnas eolach a dhéanamh, ag táirgeadh obair bhunaidh.

Eacnamaíocht talmhaíochta

Ní bheidh call ar bith leis an ábhar Eacnamaíocht Talmhaíochta feasta, agus cuirfear deireadh leis, mar thoradh ar an athbhreithniú ar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, mar aon leis an athbhreithniú ar Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta. Is dual do thorthaí foghlama a bheith fairsing agus cuireann siad ar chumas an mhúinteora freagairt do raonta spéise gach scoláire agus do chomhthéacs uathúil na scoile. Sa tslí sin, is féidir leis an múinteoir machnamh a dhéanamh ar ghnéithe den eacnamaíocht talmhaíochta a d'fhéadfadh cuidiú leis an scoláire torthaí foghlama a ghnóthú sa tsonraíocht seo. Is féidir leis an múinteoir agus leis an scoláire mínithe agus samplaí a tharraingt ó eanáil na talmhaíochta chun saincheisteanna eacnamaíochta a fhiosrú agus a anailísiú go criticiúil. Sa mhicreacnamaíocht, féadtar príonsabail eacnamaíochta a chur i bhfeidhm ar fheirm aonair. Sa mhaicreacnamaíocht, is léir go bhfuil baint ag eanáil na talmhaíochta le fás eacnamaíoch, trádáil idirnáisiúnta, beartas eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe.

4

Snáitheanna Staidéir

SNÁITHE 1: CAD ATÁ I GCEIST LE HEACNAMAÍOCHT?

- 1.1 Eacnamaíocht mar mhodh smaointeoireachta
- 1.2 Coincheapa eacnamaíocha an ghanntanais agus na rogha
- 1.3 Inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil

SNÁITHE 2: CONAS A DHÉANTAR CINNTÍ EACNAMAÍOCHA?

- 2.1 An geilleagar margaidh
- 2.2 An tomhaltóir
- 2.3 An gnólacht
- 2.4 Idirghabháil rialtais sa mhargadh

SNÁITHE 3: CAD IS FÉIDIR LE MARGAÍ A DHÉANAMH?

- 3.1 Struchtúir mhargaidh
- 3.2 An margadh saothair
- 3.3 Teip margaidh


SNÁITHE 4: CAD É AN CEANGAL IDIR BEARTAS AGUS FEIDHMIÚ EACNAMAÍOCH?

- 4.1 Ioncam náisiúnta
- 4.2 Beartas foscach agus an creat buiséid
- 4.3 Fostaíocht agus dífhostaíocht
- 4.4 Beartas airgeadaíochta agus an praghasleibhéal
- 4.5 An earnáil airgeadais

SNÁITHE 5: CONAS A IMRÍONN EACNAMAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA TIONCHAR AR AN NGEILLEAGAR?

- 5.1 Forbairt agus fás eacnamaíoch
- 5.2 Domhandú
- 5.3 Trádáil idirnáisiúnta agus iomaíochas

Snáithe 1: Cad atá i gceist le heacnamaíocht?



Is snáithe aontach é Snáithe 1 ina leagtar amach an comhthéacs le haghaidh chúrsa Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta. Tugtar aghaidh i dtorthaí foghlama an tsnáithe seo ar luachanna, ar scileanna agus ar eolas ar leith a chothóidh an scoláire agus a ndéanfaidh sé forbairt orthu de réir mar a théann sé tríd an gcúrsa. Baineann an snáithe seo le bunchúrsa eacnamaíochta an scoláire agus an fhorbairt fhorásach air sin thar imeacht dhá bhliain, ina bhfuil a théamaí fite fuaite i dtorthaí foghlama na snáitheanna eile. De réir mar a théann an scoláire chun cinn trí gach snáithe, tiocfaidh forbairt chórasach ar a eolas bunúsach, ar a luachanna agus ar a scileanna eacnamaíocha. Bainfear leas as léann an scoláire san

eacnamaíocht chun tacú le conclúidí eolacha dea-réasúnaithe.


Tugtar tús eolais don scoláire i Snáithe 1 ar bhunphrionsabail eacnamaíochta an ghanntanais agus na rogha. Tá acmhainní teoranta agus ní féidir le daoine na hearraí agus na seirbhísí uile a theastaíonn uathu a fháil. Níor mhór go dtuigfí cinntí ar leibhéal éagsúla – daoine aonair, gnólachtaí, gnóthaí, rialtais agus institiúidí eile – le go mbeifí in ann feidhmiú geilleagair a thuiscint.

Tugann inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil comhthéacs ina bhfeidhmíonn an eacnamaíocht sa lá atá inniu ann. Baineann forbairt inbhuanaithe le daoine ag caitheamh saol sásúil i dtimpeallacht shláintiúil anois agus amach anseo. Tá sé riachtanach d'fholláine daoine agus an domhain go mbaintear fás geilleagrach amach gan dochar a dhéanamh don tsochaí ná don chomhshaoil.

FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>1.1 Eacnamaíocht mar mhodh smaointeoireachta</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ éirthiscint a fháil do ról na samhla, na gcoincheap agus na sonraí maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar thorthaí, beartas, idirghníomhaíochtaí agus iompraíocht eacnamaíoch ▶ idirdhealú a dhéanamh idir ráitis eacnamaíocha dhearfacha agus normatacha; cásanna ina n-úsáidtear iad sna meáin áitiúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta/sa tráchttaireacht eacnamaíoch, a shainnaint ▶ plé agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcúis a bhféadfadh réitigh ar fhadhbanna eacnamaíocha a bheith difriúil le chéile, agus ar an gcaoi a bhféadfadh dearthaí eacnamaíocha ar réiteach na ndúshlán eacnamaíoch athrú le himeacht ama ▶ plé a dhéanamh ar an gcaoi ar imir imeachtaí san fhíorshaoil, ar nós an Spealta Mhóir, ghéarchéim eacnamaíoch na hÉireann sna 1950idí agus an Mhórchúlaithe Eacnamaíochta (ó 2007), tionchar ar ár dtuiscint ar an eacnamaíocht agus ar fhreagraí an lucht déanta beartas ▶ sonraí a bhailiú, a eagrú, a chur i láthair, a anailísiú agus a léirmhíniú, i dtéarmaí nó in éagmais na teicneolaíochta, chun teacht ar thuairim eolach agus chun saincheistean/beartais eacnamaíocha reatha a mheas

FOGHLAIMIÓNN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>1.2 Coincheapa eacnamaíocha an ghanntanais agus na rogha</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ míniú a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar roghanna idir úsáidí iomaíocha as acmhainní de thoradh ganntanas acmhainní eacnamaíocha le hais na riachtanas; iarmhairtí féideartha na roghanna sin a thuar ▶ míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn daoine aonair, gnólachtaí, gnóthaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an rialtas chun acmhainní eacnamaíocha a tháirgeadh, a thomhailt agus a dháileadh ▶ meastóireacht a dhéanamh ar na deischostais a bhaineann le cinntí eacnamaíocha a dhéanann daoine aonair, gnólachtaí agus an rialtas, go háitiúil agus go náisiúnta ▶ plé a dhéanamh ar ról na ndreasachtaí agus na spreagthaí do dhaoine aonair, do ghnólachtaí, don earnáil ghnó agus don rialtas i dtaca le cinntí eacnamaíocha; cur síos a dhéanamh ar dhreasachtaí codarsnacha le tagairt do shamplaí áitiúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta ▶ idirdhealú a dhéanamh idir margáí aonair agus soláthar agus éileamh comhiomlán; míniú a thabhairt ar an difríocht i bhfócas idir micreacnamaíocht agus maicreacnamaíocht ▶ míniú a thabhairt ar phrionsabal na speisialtóireachta agus breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfadh sé a bheith ábhartha do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí atá ag iarraidh éifeachtúlacht a mhéadú ▶ anailís a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn cur chuige costais is tairbhe le cinnteoireacht éifeachtach; cur chuige costais is tairbhe a chur i bhfeidhm chun a fháil amach cé a fhaigheann na tairbhí agus cé a sheasann na costais
<p>1.3 Inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil</p>	<ul style="list-style-type: none"> • breac-chuntas a thabhairt ar choincheapa na hinbhuanaitheachta eacnamaíche, sóisialta agus comhshaoil agus na ceangail atá eatarthu a mhíniú • comharthaí ar fhás eacnamaíoch, comhtháthú sóisialta, éagothroime, agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a shainaithint; ceangail idir na comharthaí a scrúdú • cuimhneamh ar impleachtaí féideartha na forbartha inbhuanaithe maidir le hiompraíocht, roghanna, nósanna agus luachanna an duine aonair; cinntí gnó; beartas rialtais.

Snáithe 2: Conas a dhéantar cinntí eacnamaíocha?




Dírítear i Snáithe 2 ar mhicreacnamaíocht agus an geilleagar margaidh. Bíonn margadh ann nuair a idirghníomhaíonn ceannaitheoirí agus díoltóirí. Sa snáithe seo, déantar scrúdú ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn daoine aonair, gnólachtaí, agus lucht déanta beartas an rialtais agus ar an gcaoi a n-imríonn siad tionchar ar an margadh. Fiosraíonn an scoláire an chaoi a bhfreagraíonn daoine aonair, gnólachtaí agus an rialtas do dhreasachtaí. Déanann an scoláire anailísiú ar an gcaoi a bhfeidhmíonn margaí trí úsáid a bhaint as samhla éilimh agus soláthair. Scrúdaíonn an scoláire ról an rialtais i rialú an mhargaidh freisin. Fiosraíonn an scoláire an chaoi a n-imríonn rialtais tionchar gníomhach ar mhargaí trí idirghabháil a

dhéanamh in oibriú an tsásra praghsanna.

FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
2.1 An geilleagar margaidh	<ul style="list-style-type: none"> ▶ graf a chur le chéile ina léirítear éileamh agus soláthar i ngeilleagar margaidh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar ról an tsásra praghsanna i ngeilleagar margaidh ▶ an chaoi a bhféadfadh athrú ar na príomhchinntithigh éilimh agus soláthair dul i bhfeidhm ar athruithe ar phraghas agus ar chainníocht na n-earraí agus seirbhísí a thaispeáint ▶ scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le dul chun cinn sa teicneolaíocht dul i gcion ar an ngeilleagar margaidh
2.2 An tomhaltóir (éileamh)	<ul style="list-style-type: none"> ▶ meastóireacht a dhéanamh ar ról eacnamaíoch na dtomhaltóirí i ngeilleagar, agus míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtéann dreasachtaí dearfacha agus diúltacha i gcion ar ghníomhaíocht na dtomhaltóirí ▶ léirmheas a dhéanamh ar an tuiscint go mbíonn tomhaltóirí a glacann páirt i ngníomhaíocht eacnamaíoch á n-iompar féin go réasúnach ▶ ag baint úsáide as sonraí, Praghasleasteachas an Éilimh agus Leasteachas Ioncaim an Éilimh a ríomh le foirmle, agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh daoine aonair, gnólachtaí agus an rialtas Praghasleasteachas an Éilimh agus Leasteachas Ioncaim an Éilimh a úsáid mar áis chun tionchar na praghsála ar ioncam/díolacháin a thuar. ▶ patrúin sonraí i gcaiteachas reatha na dtomhaltóirí Éireannacha a iniúchadh agus a léirmhíniú

FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>2.3 An gnólacht (soláthar)</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ meastóireacht a dhéanamh ar ról eacnamaíoch na ngnólachtaí i ngeilleagar, agus míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtéann dreasachtaí dearfacha agus diúltacha i gcion ar ghníomhaíocht eacnamaíoch ▶ an gaol idir costais agus ioncam iomlán, imeallach agus meánach a léiriú go grafach, a ríomh agus cur síos a dhéanamh air ▶ an difear idir an ghearrthréimhse agus an fhadtréimhse a chur i bhfeidhm maidir le hanailísiú ar na himpleachtaí a ghabhann le staid ioncaim agus costas gnólachta ▶ na dálaí le haghaidh uasmhéadú brabúis a mhíniú agus a léiriú ó thaobh costas imeallach agus ioncam imeallach ▶ anailís a dhéanamh ar an ról atá ag barainneachtaí scála agus díbharainneachtaí scála maidir le méid gnólachtaí a chinneadh ▶ léirmheas a dhéanamh ar na cúiseanna a dteastódh ó ghnólacht cuspóirí eile, seachas uasmhéadú brabúis, a bhaint amach
<p>2.4 Idirghabháil rialtais sa mhargadh</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ meastóireacht a dhéanamh ar ról eacnamaíoch an rialtais i ngeilleagar measctha ▶ meastóireacht a dhéanamh ar an gcúis agus ar an gcaoi a bhféadfadh an rialtas leas a bhaint as idirghabhálacha agus dreasachtaí éagsúla, ar nós cánacha agus reachtaíochta, chun tionchar a imirt ar an bpraghas agus ar an gcainníocht i margáí áirithe ▶ meastóireacht a dhéanamh ar ról agus éifeachtacht na rialachán i ngeilleagar na hÉireann

Snáithe 3: Cad is féidir le margai a dhéanamh?




Sa snáithe seo déantar an tuiscint ar bhunfheidhmiú margaidh a fhorbairt agus fiosraítear an tábhacht a bhaineann le hiomaíocht i margai táirgí. Úsáideann an scoláire struchtúir mhargaidh mar shamhlacha chun nádúr na hiomaíochta agus na praghsála sa mhargadh a fhiosrú. Déanann sé anailís ar an margadh saothair agus é ina shampla de mhargadh tosca. Tá ról eacnamaíoch ag an rialtas i ngeilleagar margaidh agus gabhann tairbhí agus costais le beartais agus cinntí rialtais. Caithfidh rialtais freastal ar leas sóisialach, aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhshaoil agus iarracht a dhéanamh margai a dhéanamh níos iomaíche. Fiosraíonn an scoláire na cúiseanna atá le

teipeanna margaidh agus rialtais sa gheilleagar margaidh.

FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>3.1 Struchtúir mhargaidh</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ scrúdú a dhéanamh ar an gcúis a n-úsáideann eacnamaithe samhlaigh agus struchtúir mhargaidh chun anailís a dhéanamh ar fhadhbanna eacnamaíochta agus chun iad a réiteach ▶ cur síos agus léirmheas a dhéanamh ar phríomhghnéithe na margai táirgí lániomaíochta, monaplacha agus olagaplacha ▶ an chaoi a n-imríonn athrú ar éileamh nó soláthar i struchtúr margaidh tionchar ar chothromaíocht a léiriú agus a anailísiú ▶ léiriú grafach a thabhairt ar chothromaíocht mhargaidh faoi iomaíocht fhoirfe, i monaplacht agus faoi iomaíocht mhonaplach, go gearrthréimhseach agus go fadtréimhseach, cur síos a dhéanamh orthu agus comparáid a dhéanamh eatarthu ▶ léiriú grafach a thabhairt agus meastóireacht a dhéanamh ar phointe an uasmhéadaithe brabúis le haghaidh gnólachta i margadh monaplachta agus le haghaidh gnólachta i margadh ina bhfuil iomaíocht fhoirfe ▶ scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le leibhéal na hiomaíochta agus na cumhachta margaidh atá ag athrú maidir le praghas agus aschur i margai táirgí faoi iomaíocht fhoirfe, i monaplacht agus in olagaplacht ▶ sonraí a bhailiú agus comhchruinniú na cumhachta i margadh a ríomh trí úsáid a bhaint as innéacs comhchruinnithe macasamhail innéacs Herfindahl-Hirschman; meastóireacht a dhéanamh ar impleachtaí an chomhchruinnithe ▶ míniú a thabhairt ar an gcúis a meastar go bhfuil comhchruinnithe margaidh ar leith achranach do thomhaltóirí agus dá bhrí sin go rialaíonn údarais iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa iad

FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>3.2 An margadh saothair</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ idirdhealú a dhéanamh idir margadh earraí agus seirbhísí agus margadh tosca ▶ breac-chuntas a thabhairt ar thosca táirgeachta ▶ scrúdú a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an éileamh ar shaothair ▶ graf a chur le chéile ina léirítear an coibhneas idir an ráta pá agus an chainníocht den saothar a éilítear; anailís a dhéanamh ar an gcúis atá leis an gcruth ar chuar éilimh an tsaothair ▶ míniú a thabhairt ar tháirgiúlacht fhisiciúil imeallach agus ar tháirgiúlacht imeallach ioncaim an tsaothair; anailís chriticiúil a dhéanamh ar a úsáidí atá sé d'fhostóir agus d'fhostaí a bheith eolach ar tháirgiúlacht fhisiciúil imeallach agus ar tháirgiúlacht imeallach ioncaim ▶ scrúdú a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar sholáthar an tsaothair ▶ graf a chur le chéile ina léirítear an coibhneas idir an ráta pá agus an chainníocht den saothar a sholáthraítear; anailís a dhéanamh ar an gcúis atá leis an gcruth ar chuar soláthair an tsaothair ▶ graf a chur le chéile ina léirítear cothromaíocht sa mhargadh saothair agus éifeacht na n-idirghabhálacha rialtais, ar nós íosphá nó cánachais, ar an gcothromaíocht a léiriú ▶ plé a dhéanamh ar na tosca a chinneann difreálaigh tuarastail sa mhargadh saothair
<p>3.3 Teip margaidh</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ plé a dhéanamh ar na tosca is cúis le teip margaidh amhail seachtrachtaí, cumhacht monaplachta agus faisnéis neamhiomlán ▶ a fháil amach conas is féidir le rialtais teip margaidh a shárú trí úsáid a bhaint as tosca ar nós cánachais, rialacháin agus idirghabháil dhíreach rialtais, agus díospóireacht a dhéanamh faoi

Snáithe 4: Cad é an ceangal idir beartas agus feidhmiú eacnamaíoch?



Déantar forbairt i Snáithe 4 ar thuiscint an scoláire ar an maicreacnamaíocht. Is é atá i gceist le feidhmiú eacnamaíoch measúnú ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le tír i gcomparáid le cuspóirí bheartas an rialtais. Is é príomhaidhm an bheartais de ghnáth folláine an phobail a chur chun feabhais. Bunaíonn an rialtas cuspóirí eacnamaíocha éagsúla agus cuireann sé in ord tosaíochta iad chun a sprioc a bhaint amach maidir le leas eacnamaíoch a fheabhsú. Bíonn tionchar ag beartais eacnamaíocha ar fhás eacnamaíoch, fostaíocht, cobhsaíocht praghsanna agus dáileadh ioncaim. Cuireann an rialtas raon beartas i bhfeidhm, faoi réir na ndálaí eacnamaíocha, polaitiúla, comhshaoil agus sóisialta atá ag athrú agus thosaíochtaí


beartais an Aontais Eorpaigh. Is cabhair iad patrúin agus treochtaí i sonraí eacnamaíocha chun cur chun feidhme na mbeartas sin a threorú. Fiosraíonn an scoláire an chaoi a ndéanann Rialtas na hÉireann tréaniarracht ar fhás eacnamaíoch a bhaint amach agus an chaoi a mbainistíonn an Rialtas timthriallta gnó.

FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>4.1 Ioncam náisiúnta</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ samhail an tsreabhaidh chiorclaigh ioncaim a chur le chéile agus a léirmhíniú; scrúdú a dhéanamh ar thionchar na siltí agus na n-instealltaí ar an sreabhadh ciorclach ioncaim sa mhaicreacnamaíocht ▶ idirdhealú a dhéanamh idir olltáirgeacht intíre, olltáirgeacht náisiúnta, ollioncam náisiúnta agus ollioncam indiúscartha náisiúnta mar thomhais d'ioncam náisiúnta; anailís a dhéanamh ar cé acu tomhas a thugann léargas níos cruinne ar fheidhmiú eacnamaíoch agus leas eacnamaíoch na hÉireann ▶ léirmheas a dhéanamh ar theorainneacha na dtomhas sin ar fheidhmiú eacnamaíoch ▶ díospóireacht a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha i ngeilleagair cheilte ▶ míniú a thabhairt ar éifeacht an iolraitheora; na foirmlí iolraitheacha a chur i bhfeidhm chun athruithe ar ioncam náisiúnta i ngeilleagar oscailte agus i ngeilleagar iata a ríomh agus a mheas ▶ patrúin sonraí in ioncam náisiúnta, praghasleibhéal, ráta dífhostaíochta, caiteachas rialtais agus fiachas náisiúnta na hÉireann thar thréimhse áirithe a iniúchadh; na céimeanna éagsúla de thimthriallta gnó a shainaithint agus scrúdú criticiúil a dhéanamh ar na príomhthosca ba chúis leis na luaineachtaí san aschur

FOGHLAIMIÓNN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>4.2 Beartas fioscach agus an creat buiséid</p>	<ul style="list-style-type: none"> • na príomhfhoinsí d'ioncam rialtais agus de chaiteachas rialtais a shainaithint; idirdhealú a dhéanamh idir na codanna reatha agus na codanna caipitil de chuntais rialtais • plé a dhéanamh ar na bearta is féidir le rialtas a ghlacadh chun easnamh sa bhuiséad, barrachas sa bhuiséad nó buiséad comhardaithe a bhainistiú • idirdhealú a dhéanamh idir beartais fhioscacha fáis, neodracha agus chraptha agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an rialtas leas a bhaint as na beartais sin chun iarracht a dhéanamh an timthriall gnó a chobhsú • plé a dhéanamh ar theorainneacha na mbeartas fioscach i dtaca le timthriallta gnó a chobhsú • plé a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach agus i limistéar an euro ar chumas na tíre beartas fioscach a chur i bhfeidhm • díospóireacht a dhéanamh ar chuspóir agus ar thionchar an chánachais ar an ngeilleagar trí chéile, agus an chaoi ar féidir beartas cánachas a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime a mhíniú
<p>4.3 Fostaíocht agus dífhostaíocht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • iniúchadh a dhéanamh ar phatrúin sonraí chun cur síos a dhéanamh ar phríomhghnéithe agus ar phríomhthreochtaí lucht saothair na hÉireann i ndáil le tosca ar nós aoise, daonra, inscne, suíomh tíreolaíoch, fostaíochta agus dífhostaíochta • iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna dífhostaíochta i gcomhthéacs na hÉireann agus meastóireacht a dhéanamh ar a tionchar ar an duine aonair agus ar an ngeilleagar • scrúdú a dhéanamh ar an ngaol idir fostaíocht agus bochtanas
<p>4.4 Beartas airgeadaíochta agus an praghasleibhéal</p>	<ul style="list-style-type: none"> • míniú a thabhairt ar bhoilsciú agus ar dhíbhoilsciú agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar iad a thomhas le praghasinnéacs ar nós an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí • meastóireacht a dhéanamh ar na cúiseanna a bhíonn le boilsciú agus na hiarmhairtí a bhíonn le hathruithe ar an bpraghasleibhéal do thomhaltóirí, do ghnólachtaí agus don gheilleagar trí chéile • scrúdú a dhéanamh ar chuspóir agus ar ról na mbanc ceannais i gcur i bhfeidhm beartas airgeadaíochta • meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann ballraíocht i limistéar an euro i bhfeidhm agus i gcion ar bheartas airgeadaíochta i ngeilleagar na hÉireann

FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>4.5 An earnáil airgeadais</p>	<ul style="list-style-type: none"> • scrúdú a dhéanamh ar na príomhthosca a imríonn tionchar ar éileamh agus soláthar airgid thirim agus cistí creidmheasa sa mhargadh airgid • míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcruthaíonn bainc thráchtála creidmheas agus breac-chuntas a dhéanamh ar na hiarmhairtí do gheilleagar • anailís a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar leibhéal na rátaí úis, agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag athruithe ar rátaí úis ar ghníomhaíocht eacnamaíoch • scrúdú a dhéanamh ar ról agus ar éifeachtacht na rialtóirí agus na n-institiúidí airgeadais reatha i bhfeidhmiú na margaí airgeadais

Snáithe 5: Conas a imríonn eacnamaíocht idirnáisiúnta tionchar ar an ngeilleagar?



Is geilleagar beag oscailte í Éire agus bíonn tionchar aige sin ar ár ngníomhaíocht agus ár bhfeidhmiú eacnamaíoch, agus ar bheartais agus cinntí rialtais. Sa snáithe seo, fiosraíonn an scoláire an chaoi a bhforbraíonn geilleagar de réir na n-acmhainní agus na luachanna atá aige agus baineann sé feidhm as a thuiscint ar eacnamaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí na forbartha eacnamaíche. Forbraíonn an scoláire tuiscint ar an gcaoi a n-imríonn imeachtaí eacnamaíocha agus forbairt beartais ar bhonn Eorpach agus idirnáisiúnta tionchar ar gheilleagar na hÉireann. Scrúdaíonn sé an chaoi a ndéanann an rialtas iarracht bainistiú a dhéanamh ar eis-sreabhadh agus

insreabhadh infheistíochta chun a chuspóirí eacnamaíocha a bhaint amach. Measann an scoláire an chaoi ar féidir le hathruithe ar rathúnas na timpeallachta idirnáisiúnta tionchar mór a imirt ar an ngeilleagar intíre.

FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>5.1 Forbairt agus fás eacnamaíoch</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir tíortha agus réigiúin a phróifiliú de réir ioncaim, saibhris agus comhionannais ▶ míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-eascaíonn fás agus forbairt eacnamaíoch as na tosca táirgeachta, ar nós saothair, caipitil, caipiteal daonna agus teicneolaíochta ▶ comparáid a dhéanamh idir forbairt eacnamaíoch na hÉireann agus forbairt eacnamaíoch náisiúin bheagfhorbartha, agus anailís a dhéanamh orthu, trí úsáid a bhaint as an innéacs um fhorbairt dhaonna atá coigeartaithe de réir éagothroime ▶ measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá réimse tosaíochta i gclár Rialtas na hÉireann ar fhorbairt thar lear
<p>5.2 Domhandú</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ míniú a thabhairt ar choincheap an domhandaithe agus plé a dhéanamh ar impleachtaí dearfacha agus diúltacha an domhandaithe ▶ plé a dhéanamh ar na cúiseanna a ndéanann corparáidí ilnáisiúnta infheistíocht i dtíortha lasmuigh dá dtír féin ▶ iniúchadh a dhéanamh ar phatrúin sonraí in eis-sreabhadh/insreabhadh infheistíochta díri eachtraí isteach go hÉirinn thar thréimhse áirithe agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag corparáidí ilnáisiúnta/tionscal faoi úinéireacht eachtrach ar gheilleagar na hÉireann

FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI:	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE:
<p>5.3 Trádáil idirnáisiúnta agus iomaíochas</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar phatrúin i dtrádáil na hÉireann ó thaobh cainníocht agus cineálacha earraí agus seirbhísí thar thréimhse áirithe; measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais na trádála do gheilleagar na hÉireann ▶ cur síos a dhéanamh ar phríomh-chomhpháirteanna/ comhdhéanamh bunúsach chuntas chomhardú íocaíochtaí na hÉireann ▶ plé a dhéanamh ar na tosca a chinneann iomaíochas tíre ▶ míniú a thabhairt ar phrionsabal an bhuntáiste chomparáidigh agus an ról atá aige in iomaíochais a chinneadh ▶ plé a dhéanamh ar na hargóintí i bhfabhar na trádála idirnáisiúnta, na trádchosanta agus ghluaiseacht na cóirthrádála ▶ plé a dhéanamh ar chinntithigh na rátaí malairte; anailís a dhéanamh ar iarmhairtí na n-athruithe ar rátaí malairte ar gheilleagar na hÉireann ▶ scrúdú a dhéanamh ar ról agus ar éifeachtacht comhaontuithe trádála agus institiúidí domhanda i bhfeidhmiú agus i mbainistiú na trádála idirnáisiúnta

5

Measúnú

Tá an measúnú don teistiúchán bunaithe ar aidhm, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Baintear difreáil amach sa mheasúnú trí scrúduithe ar dhá leibhéal – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal.

Comhpháirteanna measúnaithe

Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ar an dá leibhéal:

- ▶ scrúdú scríofa (80%)
- ▶ staidéar taighde (20%).

Léirítear an gaol idir cur i bhfeidhm scileanna agus ábhar teoiriciúil na sonraíochta sa dá chomhpháirt mheasúnaithe.

Achoimre ar an measúnú

MODH		GNÁTHLEIBHÉAL UALÚ	ARDLEIBHÉAL UALÚ
Scrúdú scríofa		ualú	Ardleibhéal
▶ Roinn A	Rogha de cheisteanna gearrfhreagra	ualú	20%
▶ Roinn B	Rogha de cheisteanna freagra fhada	60%	60%
Staidéar taighde	Tuairisc	20%	20%
Iomlán		100%	100%

Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Éileoidh na ceisteanna go léireoidh an scoláire eolas agus tuiscint, agus cumas cur i bhfeidhm, anailís agus meastóireacht a dhéanamh atá cuí do gach leibhéal. Tá na príomhscileanna fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Déanfar an méid seo a leanas a mheasúnú sa scrúdpháipéar scríofa, ag an leibhéal cuí:

- ▶ eolas agus tuiscint ar an eacnamaíocht
- ▶ cur i bhfeidhm eolas agus tuiscint eacnamaíoch an scoláire ó réimsí difriúla den tsonraíocht maidir le saincheisteanna agus fadhbanna eacnamaíocha
- ▶ smaointeoireacht chriticiúil, an cumas chun faisnéis a anailísiú agus a mheas agus argóint réasúnta agus loighciúil a dhéanamh bunaithe ar fhianaise

Mairfidh an scrúdpháipéar scríofa dhá uair go leith agus beidh dhá roinn ann.

- ▶ Tugtar deis i Roinn A (ceisteanna gearrfhreagra) measúnú a dhéanamh ar eolas agus ar thuiscint an scoláire sna cúig shnáithe staidéir.
- ▶ Tugtar deis i Roinn B (ceisteanna freagra fhada) measúnú a dhéanamh ar an scoláire i leith a eolais agus tuisciana ar an eacnamaíocht agus i leith a scileanna smaointeoireachta criticiúla, anailíse, meastóireachta agus ar chur i bhfeidhm a eolais agus a tuisciana. Tugtar deis don scoláire i Roinn B anailísiú agus léirmhíniú a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí chun teacht ar chonclúidí agus nasc a dhéanamh idir snáithe difriúla an ábhair.

Na critéir mheasúnaithe don scrúdú scríofa

Baineann na critéir mheasúnaithe le feidhmíocht scoláirí Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil sa scrúdú scríofa.

Cuirtear ardleibhéal gnóthachtála sa scrúdú scríofa in iúl trí eolas agus tuiscint chuimsitheach ar théarmaí, coincheapa agus teoiricí eacnamaíocha ón tsonraíocht ar fad gan mórán mórpointí a bheith in easnamh. Cuireann an scoláire a eolas agus a thuiscint ar an eacnamaíocht i bhfeidhm i gcomhthéacsanna coitianta agus nua, nuair is cuí. Déanann sé anailís agus meastóireacht chruinn ar fhaisnéis agus ar shonraí ó fhoinsí difriúla; beidh ionramháil na sonraí, nuair is cuí, ceart. Cuireann an scoláire smaointe agus argóintí loighciúla i láthair atá bunaithe go soiléir ar fhianaise.

Cuirtear leibhéal measartha gnóthachtála sa scrúdú scríofa in iúl trí eolas agus tuiscint mhaith ar théarmaí, coincheapa agus teoiricí eacnamaíocha ó mhórán codanna den tsonraíocht. Cuireann an scoláire a eolas agus a thuiscint ar an eacnamaíocht i bhfeidhm i gcomhthéacsanna coitianta agus i roinnt comhthéacsanna nua, nuair is cuí. Déanann sé anailís agus meastóireacht dhóthanach ar fhaisnéis agus ar shonraí ó fhoinsí difriúla; beidh cion mór dá ionramháil ar na sonraí, nuair is cuí, ceart. Cuireann an scoláire smaointe agus argóintí i láthair atá bunaithe ar fhianaise den chuid is mó.

Cuirtear leibhéal íseal gnóthachtála sa scrúdú scríofa in iúl trí eolas agus tuiscint teoranta ar théarmaí, coincheapa agus teoiricí eacnamaíocha. Roghnaíonn an scoláire fíricí, coincheapa agus teoiricí oiriúnacha chun a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna coitianta. Déanann sé anailís agus meastóireacht bhunúsach ar fhaisnéis agus ar shonraí agus tugann sé faoi ionramháil ar na sonraí, nuair is cuí. Cuireann an scoláire mínithe i láthair ina dtagraítear d'fhianaise éigin.

Staidéar taighde

Tugtar deis don scoláire sa staidéar taighde tabhairt faoi thaighde, anailís agus machnamh. Déanfar measúnú sa staidéar taighde ar chumas an scoláire an t-eolas, na coincheapa agus na scileanna a d'fhorbair sé agus é i mbun na heacnamaíochta a úsáid chun faisnéis agus sonraí a mheas, agus teacht ar chonclúidí eolacha. Is féidir na príomhscileanna – próiseáil faisnéise agus sonraí, cumarsáid, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, a bheith éifeachtach go pearsanta agus obair le daoine eile – a fhorbairt tríd an bhfoghlaim ar fad sa chúrsa seo, agus cuirfear na scileanna sin i bhfeidhm nuair a thugann an scoláire faoi staidéar taighde.

Beidh an staidéar taighde bunaithe ar threoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach bliain. Eiseofar treoir chomónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal. Tabharfar breac-chuntas sa treoir ar roinnt topaicí óna roghnóidh an scoláire topaic dá staidéar taighde. Tabharfar breac-chuntas sa treoir freisin ar na paraiméadair don staidéar taighde agus don tuairisc a chuirfear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena measúnú. Cuirfear an staidéar taighde i gcrích sa séú bliain.

Go háirithe, éilíonn an staidéar taighde go léireodh an scoláire go bhfuil sé in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ taighde agus próiseáil a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí atá ábhartha agus bríoch maidir le tuiscint a fháil ar shaincheist eacnamaíoch ar leith
- ▶ coincheapa agus teoiricí a chur i bhfeidhm sa mheastóireacht ar fhaisnéis agus ar shonraí chun conclúid eolach a dhéanamh.

Caithfidh obair an scoláire féin a bheith sa tuairisc. Cuirfear nósanna imeachta fíordheimhnithe chun feidhme lena chinntiú go gcomhlíonfar an riachtanas sin. Ina measc sin beidh prótacal maidir leis an úsáid a bhaintear as ábhar a aimsítear ar an idirlíon.

Na critéir mheasúnaithe don staidéar taighde

Baineann na critéir mheasúnaithe le feidhmíocht scoláirí Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil sa staidéar taighde, cé go mbeidh scéim marcála dhifreáilte i bhfeidhm.

Cuirtear ardleibhéal gnóthachtála sa staidéar taighde in iúl trí dhul i ngleic go hiomlán leis an topaic. Tá tuairisc an scoláire fiúntach agus soiléir. Tá dóthain mionsonraí sa tuairisc chun fianaise nithiúil a thabhairt ar eolas agus tuiscint an scoláire, ach tá níos mó i gceist ná díreach athinsint fíricí agus faisnéise agus tarraingítear aird ar léargais agus ar fhoghlaim a rinne an scoláire. Léiríonn an scoláire go bhfuil sé ábalta taighde a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí ó fhoinsí éagsúla, iad a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil, ar mhaithe le hábharthacht agus iontaofacht ar bhealach an-tomhaiste. Cuireann sé coincheapa agus teoiricí i bhfeidhm go cruinn chun anailísiú agus meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ó fhoinsí difriúla; beidh ionramháil na sonraí, nuair is cuí, ceart. Cuireann an scoláire conclúidí eolacha i láthair atá bunaithe go soiléir ar fhianaise. Léiríonn an scoláire cumas soiléir machnamh a dhéanamh ar an mbaint atá ag an topaic lena shaol féin agus an chaoi ar imríodh tionchar ar a mheon, a thuairimí agus/nó a iompar.

Cuirtear leibhéal measartha gnóthachtála sa staidéar taighde in iúl trí dhul i ngleic go maith leis an topaic. Tá an tuairisc soiléir agus, tríd is tríd, tugtar fianaise ar eolas agus tuiscint an scoláire, agus léirítear roinnt léargas ar fhoghlaim an scoláire. Tá an scoláire ábalta taighde a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí ó fhoinsí iontaofa éagsúla, iad a eagrú agus a phróiseáil. Cuireann sé coincheapa agus teoiricí ábhartha i bhfeidhm chun anailísiú agus meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ó fhoinsí difriúla; beidh ionramháil na sonraí, nuair is cuí,

ceart den chuid is mó. Cuireann an scoláire conclúidí measta i láthair atá bunaithe ar fhianaise den chuid is mó. Léiríonn an scoláire cumas éigin machnamh a dhéanamh ar an mbaint atá ag an topaic lena shaol féin agus an chaoi ar imríodh tionchar ar a mheon, a thuairimí agus/nó a iompar.

Cuirtear leibhéal íseal gnóthachtála sa staidéar taighde in iúl trí dhul i ngleic ar bhealach éigin leis an topaic. Tugtar achoimre bhunúsach sa tuairisc ar an topaic agus is beag léargas pearsanta a thugtar ar an bhfoghlaim. Cé go bhfuil roinnt fianaise sa tuairisc ar eolas agus tuiscint an scoláire, léiríonn an scoláire cumas teoranta taighde a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí, iad a eagrú agus a phróiseáil. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm na gcoincheap agus na dteoiricí, agus anailís agus meastóireacht ar fhaisnéis agus sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, a bheith lochtach; beidh ionramháil na sonraí, nuair is cuí, bunúsach. Cuireann an scoláire roinnt conclúidí i láthair atá bunaithe ar fhianaise, ach d'fhéadfadh ábhar neamhábhartha a bheith ann freisin. Tá fianaise teoranta ar an gcumas machnamh a dhéanamh ar an mbaint atá ag an topaic lena shaol féin agus an chaoi ar imríodh tionchar ar a mheon, a thuairimí agus/nó a iompar.

Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádúcháin 8 bpointe ar an nGnáthleibhéal agus ar an Ardleibhéal. Is é Grád 1 an grád is airde agus is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1-7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an ardleibhéil agus gráid an ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1-A8 i gceist ag an Ardleibhéal agus tá G1-G8 i gceist leis an nGnáthleibhéal.

GRÁD	MARCANNA %
A1/G1	90-100
A2/G2	80<90
A3/G3	70<80
A4/G4	60<70
A5/G5	50<60
A6/G6	40<50
A7/G7	30<40
A8/G8	<30

Fíor 7: Scála grádúcháin na hArdteistiméireachta

Socrú réasúnta/cuimsiú

Éilíonn an tsonraíocht eacnamaíochta seo go rachadh an scoláire i ngleic le hanailís eacnamaíoch ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Lena chois sin, tá staidéar taighde sa mheasúnú dá mbronntar 20% d'iomlán na marcanna. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag an mbéim sin ar ghníomhaíochtaí iniúchta do scoláire ag a bhfuil deacrachtaí fisiciúla/leighis/céadfacha agus/nó deacrachtaí foghlama ar leith. Chuige sin, dearadh scéim na Socruithe Réasúnta, a fheidhmíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit, chun cabhrú le scoláirí san Ardteistiméireacht ag a bhfuil deacrachtaí fisiciúla/leighis/céadfacha agus/nó deacrachtaí foghlama ar leith.

Aguisín

Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach.

BRIATHRA GNÍMH	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE
Aithin :	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a shainaithint
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Ceangail	rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt
Ceap	nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh
Cosain	cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú
Cuir i gcrích	rud atá á dhéanamh aige a thabhairt chun críche, rud a chur de go sásúil
Cuir i láthair	smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú
Cuir le chéile	eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh
Cuir síos	pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú
Dealaih	an méid a dhéanann rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach
Déan	gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd
Déan díospóireacht	cur agus cúiteamh faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil
Deimhnigh	fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis
Faigh amach	rud a chinntiú nó a dhearbhu go beacht trí thaighde nó trí ríomh
Forbair	dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta
Idirdhealaih	na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir
Iníúch	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

BRIATHRA GNÍMH	BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE
Léirmhínigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar
Léirthuisicint a bheith ag... do...	brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud
Luaigh	ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta
Meas	saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh
Meas (cuimhnigh ar...)	cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil
Measúnaigh (breithiúnas eiticiciúil)	fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Measúnaigh (sonraí)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Mínigh	mionchuntas a thabhairt lena n áirítear fáthanna nó cúiseanna
Mol	plean nó smaoinemh a chur chun tosaigh lena mheas
Mol (comhairligh)	rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir airithe
Monatóirigh	breathnú ar dhul chun cinn ruda agus é a sheiceáil thar thréimhse ama; rud a choimeád faoi athbhreithniú córasach
Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí; ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí
Rangaigh	rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta
Ríomh	teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach
Sainaithin	patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair
Scrúdaigh	argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus coibhneasa na saincheiste
Tabhair le fios	réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil
Tiontaigh	athrú go foirm eile
Tuar	toradh ionchasach imeachta a thabhairt; imeacht nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais
Tuig	Corpas dea eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm
Ullmhaigh	rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair
Úsáid	eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh

